



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ollscoil Átha Cliath

COISTE NA GAEILGE

Cruinniú

Déardaoin 19 Feabhra 2015

3.00pm

Seomra an Bhoird, Teach an Phropaist

IRISH LANGUAGE COMMITTEE

Meeting

Thursday 19th February 2015

3.00pm

Provost's House Boardroom

DRÉACHTMHIONTUAIRISCÍ

I láthair:

- Ball Tofa den Bhord (sa Chathaoir) – Liam Dowling
- Oifigeach na Gaeilge (sealadach) – Aoife Crawford (Rúnaí)
- Rúnaí an Choláiste – John Coman
- Pro-Déan – An tOll. Joseph Barry
- An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní Lochlainn
- Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Fionn Ó Deá
- Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Patricia O'Beirne
- Aontas na nIarchéimithe – Caitlín Nic Íomhair
- Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – An Dr Colm Ó Dúnlaing
- Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Deirdre D'Arcy

1. Leithscéalta:

- Cláraitheoir na Seomraí – An Dr Bridget Kane
- Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Pádraig de Paor
- An Leabharlann – Clíona Ní Shuilleabháin

DRAFT MINUTES

Present:

- Elected Board Member (in the Chair) – Liam Dowling
- Irish Language Officer (acting) – Aoife Crawford (Secretary)
- Secretary to the College – John Coman
- Pro-Dean – Prof. Joseph Barry
- Administrative and Support Area – Caoimhe Ní Lochlainn
- Auditor of An Cumann Gaelach – Fionn Ó Deá
- Irish Language Officer of the Students' Union – Patricia O'Beirne
- Graduate Students' Union – Caitlín Nic Íomhair
- Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Dr Colm Ó Dúnlaing
- Faculty of Health Sciences – Dr Deirdre D'Arcy

1. Apologies:

- Registrar of Chambers – Dr Bridget Kane
- Department of Irish and Celtic Languages – Dr Pádraig de Paor
- Library – Clíona Ní Shuilleabháin

2. Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí chruinniú an 29 Deireadh Fómhair 2014.

3. Ag éirí as na miontuairiscí

Tá cúpla botún cló le ceartú sna miontuairiscí.

4. Tuairisc an Oifigigh Gaeilge

Glacadh leis go raibh an tuairisc léite ag an choiste, agus pléadh na príomhphointí go mion, faoi na ceanteidil seo a leanas:

An Reachtaíocht Teanga

Cuireadh an ghnáth-mheabhrúchán bliantúil amach tríd an ríomhphost chuig gach ceann rannóige i mí na Samhna 2014, maidir leis na riachtanais teanga a bhaineann lena rannóg féin. Scaipeadh suirbhé ar-líne sa ríomhphost céanna, chun fáil amach cén leibhéal eolais atá ag an fhoireann faoi na riachtanais teanga agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú leo iad a chur i bhfeidhm. Fuarthas amach roinnt eolais a chabhróidh le hOifig na Gaeilge cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh. Pointe tábhachtach amháin ná nach bhfuil ach 40% de bhaill foirne sa choláiste ar an eolas faoin tseirbhís aistriúcháin Béarla-Gaeilge a chuireann Oifig na Gaeilge ar fáil.

Fuair an Coimisinéir Teanga gearán i mí na Samhna 2014 maidir le comhfhreagras Gaeilge le Coláiste na Tríonóide a freagraíodh i mBéarla. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, caithfidh Coláiste na Tríonóide aon chomhfhreagras scríofa a fhaigheann sé i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge. Thug an Coláiste tuairisc air seo inar cuireadh síos ar shonraí na heachtra, agus ar na céimeanna a ghlacfar chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís. Ceann de na céimeanna sin ná go ndéanfaidh Oifigeach na Gaeilge tuilleadh poiblíochta ar an tseirbhís aistriúcháin do bhaill foirne an Choláiste. Tá deimhnithe ag oifig an Choimisinéara Teanga go bhfuil freagra an Choláiste sásúil.

I mí Feabhra 2015, d'iarr oifig an Choimisinéara Teanga tuairisc faireacháin maidir le comhlíonadh an dara Scéim Teanga 2013-2016 agus Acht na

2. Minutes

The minutes of the meeting of 29 October 2014 were accepted.

3. Matters arising

There are a few typing errors in the minutes, to be corrected.

5. Report of the Irish Language Officer

The report was taken as read, and the main points were discussed in detail, under the following headings:

Language Legislation

An email was sent to each head of area in November 2014, as the normal annual reminder of the language requirements relating to their own area. A survey was distributed in the same email, to find out the level of information staff currently have about the language requirements and the supports available to help them to implement the requirements. Information was gathered that will help the Irish Language Office to improve its communications. One important point is that only 40% of college staff are aware of the English-Irish translation service provided by the Irish Language Office.

An Coimisinéir Teanga (the Language Commissioner) received a complaint in November 2014 regarding Irish language correspondence made with Trinity College that was responded to in English. Under the Official Languages Act 2003, all written correspondence made in Irish with Trinity College must be responded to in Irish. The College gave a report on the matter, which detailed both the circumstances of the event and the steps that will be taken to ensure that it doesn't happen again. One of these steps is that the Irish Language Officer will increase publicity about the staff translation service. The office of An Coimisinéir Teanga has confirmed that the College's response is satisfactory.

In February 2015, An Coimisinéir Teanga's office requested a monitoring report on the implementation of the second Language Scheme 2013-2016 and the

dTeangacha Oifigiúla 2003 sa Choláiste. Tá beagnach gach gealltanas sa Scéim Teanga i bhfeidhm nó á chur i bhfeidhm faoi láthair, buíochas le hobair chrua na rannóg áitiúla. Tá an Coláiste taobh thiar le cur i bhfeidhm na rialachán maidir le fógairtí taifeadta béil. I gcás Choláiste na Tríonóide, baineann na rialacháin sin le teachtaireachtaí glórphoist ar phríomhuimhreacha teileafóin sa Choláiste (e.g. oifigí scoile). Déanfaidh Oifigeach na Gaeilge teagmháil dhíreach leis na rannóga ábharthacha nach bhfuil an riachtanas seo i bhfeidhm iontu go fóill. Tá Oifigeach na Gaeilge sásta tacaíocht foghraíochta a thabhairt do bhaill foirne agus fiú dul amach chuig na hoifigí chun teachtaireachtaí a thaifeadadh dóibh. Cuirtear abairt bhreise leis na teachtaireachtaí Gaeilge – “tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil ón oifig seo faoi láthair” – sa chás nach bhfuil Gaeilge ag foireann na hoifige, chun mearbhall a sheachaint.

Seirbhísí Custaiméara

Tá feidhmiúlacht anois ar People Finder, buíochas le Seirbhísí na gCóras Faisnéise, a ligean do bhaill foirne suaitheantas a chur lena p(h)róifíl, a deir “Tá Gaeilge agam” nó “Tá cúpla focal agam”. Má dhéantar “hover-áil” ar an suaitheantas, tugtar míniú ar bhrí an tsuaitheantais agus ar conas is féidir leat féin suaitheantas a fháil (ríomhphost a chur chuig gaeloifig@tcd.ie le d’ainm úsáideora agus do rogha suaitheantais). Mhol ainmní Dhámh na nEolaíochtaí Sláinte gur chóir fiosrú le Seirbhísí na gCóras Faisnéise le feiceáil an mbeadh bealach ann an suaitheantas a fháil go díreach ó People Finder é féin.

Seirbhísí Aistriúcháin

Tá níos mó iarratais ar aistriúcháin ag teacht isteach go hOifig na Gaeilge faoi láthair ná mar is gnáth, agus oifigí éagsúla sa Choláiste ag ordú stáiseanóireachta leis an fhéiniúlacht nua i bhfeidhm air.

Tá Oifigeach na Gaeilge buíoch as an obair dheonach a dhéanann An Dr Eoin Mac Cárthaigh, Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, ar aistriúcháin na hOifige a phrofléamh.

Seomra na Gaeilge

Cuireadh staitisticí maidir le húsáid Sheomra na

Official Languages Act 2003 in the College. Nearly every commitment in the Language Scheme is in place or currently being implemented, thanks to the hard work of local areas. The College is behind schedule with implementation of the regulations regarding recorded oral announcements. In the case of Trinity College, those regulations relate to voicemail messages on major telephone numbers in the College (e.g. school offices). The Irish Language Officer will make direct contact with the relevant areas in which this requirement is not currently being implemented. The Irish Language Officer is happy to give pronunciation support to staff and even to go out to their offices to record messages for them. In the case that the office staff do not speak Irish, an extra sentence – “please note that service through Irish is not currently available from this office” – is added to the Irish language messages, to avoid confusion.

Customer Services

There is now functionality on People Finder, thanks to Information Systems Services, that allows a staff member to add a badge to his or her profile, saying “Tá Gaeilge agam” (I speak Irish) or “Tá cúpla focal agam” (I speak a little Irish). When a user hovers the cursor over the badge, they are given information about the meaning of the badge and how they can get a badge themselves (by emailing gaeloifig@tcd.ie with their username and choice of badge). The Faculty of Health Sciences nominee suggested that an inquiry should be made with Information Systems Services as to whether the badge could be acquired directly from People Finder itself.

Translation Services

There is currently a greater volume of requests for translation coming into the Irish Language Office than normal, as various offices in College are ordering stationery in which the new identity is applied.

The Irish Language Officer is grateful for the voluntary work undertaken by Dr Eoin Mac Cárthaigh, Department of Irish and Celtic Languages, in proofreading the Office’s translations.

Seomra na Gaeilge (Irish Language Room)

Statistics regarding the use of Seomra na Gaeilge in the

Gaeilge sa chéad téarma 2014/15 os comhair an Choiste. Déantar na sínithe i leabhar tinrimh an tseomra a chomhaireamh chun na staitisticí seo a fháil. Ní shíníonn úsáideoirí an tseomra an leabhar tinrimh i gcónaí, mar sin glactar leis go mbaintear níos mó úsáid as an seomra ná mar a léiríonn na staitisticí seo.

Síníodh an leabhar tinrimh i Seomra na Gaeilge 2,528 uair sa chéad téarma 2014/15 – sin 42 chuairt in aghaidh an lae, ar an mheán. An tréimhse is gnóthaí ná tráthnóna Dé Céadaoin, ara mbíonn 58 síniú ar an mheán. Bíonn imeacht an-rathúil ag an Chumann Gaelach ag am lóin Dé Céadaoin, “Anraith agus Arán”, ag a dtugtar amach béile saor in aisce (urraithe ag Oifig na Gaeilge). Meallann an imeacht 40-50 mac léinn chuig an seomra gach seachtain. An Cumann Gaelach is minice a chuireann imeachtaí oíche ar siúl sa seomra (13 as 15 imeacht). Luaigh Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh go mbíonn cumainn eile ag comhoibriú leo ar chuid mhór de na himeachtaí seo.

Crochadh 4 chomhartha buan (gorm agus bán) do Sheomra na Gaeilge i mí na Samhna 2014. Cabhróidh na comharthaí seo go mór le daoine an seomra a aimsiú, agus ardóidh siad próifíl na Gaeilge ar an phríomhchamps. D’íoc Oifig na Gaeilge as na comharthaí seo mar a d’aontaíodh ag an chruinniú deireanach de chuid Choiste na Gaeilge (29 Deireadh Fómhair 2014).

Ranganna Gaeilge

Tá Conradh na Gaeilge i mbun ranganna Gaeilge a sholáthair do Choláiste na Tríonóide arís in 2014-15. Tá 5 leibhéal ar fáil ó ghlantosaítheoirí go hardrang comhrá.

Tugadh rogha do mhic léinn agus do bhaill foirne an Choláiste clárú do na ranganna ar líne trí Survey Monkey arís an téarma seo. Chláraigh 204 do na ranganna an téarma seo agus tá 11 rang ar siúl. Bíonn 10 rang ar siúl de ghnáth le timpeall 170 foghlaimeoir iontu, ach cuireadh rang breise ar siúl an téarma seo, agus níl aon liosta feithimh ann. Tagann sé seo leis an pholasaí a d’aontaíodh ag cruinniú Choiste na Gaeilge ar an 29 Deireadh Fómhair 2014, go bhfreastlófar ar gach éinne atá ag iarraidh rang Gaeilge a ghlacadh, chomh fada agus is féidir.

first term of 2014/15 were presented to the Committee. The signatures in the room’s attendance book are counted to obtain these statistics. Users of the room do not always sign the attendance book, therefore it is assumed that the room is used more than these statistics show.

The attendance book in Seomra na Gaeilge was signed 2,528 times in the first term of 2014/15 – that is 42 visits per day, on average. The busiest period is Wednesday afternoons, on which there is an average of 58 signatures. An Cumann Gaelach run a very successful event, funded by the Irish Language Office, called “Anraith agus Arán” (“Soup and Bread”), which comprises a free meal at Wednesday lunchtime. The event attracts 40-50 students to the room every week. An Cumann Gaelach is the group that most often books evening events in the room (13 of 15 events). The Auditor of An Cumann Gaelach noted that other societies work with them on many of these events.

4 permanent (blue and white) signs for Seomra na Gaeilge were erected in November 2014. These signs will greatly help people to find the room, and they will raise the profile of the Irish language on the main campus. The Irish Language Office paid for these signs as was agreed at the last meeting of the Irish Language Committee (29 October 2014).

Irish Language Classes

Conradh na Gaeilge are providing Irish classes for Trinity College again in 2014-15. 5 levels are available, from beginners to advanced.

Students and staff were once more given the option to register online, via Survey Monkey, for the College Irish language classes. 204 registered for the classes this term and 11 classes are running. Normally 10 classes are held, providing for around 170 learners, but an extra class was arranged this term, and there is no waiting list. This corresponds with the policy agreed by the Irish Language Committee at their meeting of 29th October 2014, to provide for every single applicant to the Irish language classes as far as possible.

Chláraigh níos lú daoine le haghaidh na ranganna Gaeilge an téarma seo ná mar a chláraigh sa chéad téarma (423). Bhí titim go háirithe sa méid a chláraigh le haghaidh na ranganna do thosaitheoirí (A1). Pléadh na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar den titim seo. Is iad na mic léinn idirnáisiúnta is mó a chláraíonn do na ranganna A1. Labhair Oifigeach na Gaeilge ag seisiúin treoshuimh na mac léinn idirnáisiúnta sa chéad téarma amháin 2014/15. Tugadh tuairim nach dtagann an méid céanna mac léinn idirnáisiúnta chuig an Choláiste sa dara téarma is a dtagann sa chéad téarma. Caithfear é seo a fhiosrú.

An Scéim Chónaithe

D'éirigh go maith le tograí na Scéime Cónaithe sa chéad téarma 2014/15. Ina measc bhí imeachtaí poiblí agus físeáin. Rinneadh poiblíocht fhorleathan ar na himeachtaí agus mar sin bhí freastal maith orthu. Bhí comhoibriú le grúpaí eile i gceist le cuid mhór de na tograí freisin, agus bhí cúpla ceann acu lonnaithe taobh amuigh d'fhoirgnimh an Choláiste. D'ardaigh na tograí próifil na Gaeilge sa Choláiste agus taobh amuigh de.

Tá 18 mac léinn anois roghnaithe le haghaidh Scéim Chónaithe 2015/16 – 6 d'árasán an dara bliain, Halla na Tríonóide, agus 12 do lóistín an champais. Tá Oifigeach na Gaeilge buíoch de Chliona Ní Shuilleabháin, Leabharlann an Choláiste, as suí ar an bhord agallaimh ar feadh dhá lá agallaimh.

Imeachtaí

Bíonn an ciorcal comhrá “An Chéadaoin @ an Bhutrach” ar siúl gach Céadaoin ó 10.30am, agus freastal maith air (timpeall 15 de ghnáth). Fuair An Chéadaoin @ an Bhutrach poiblíocht mhaith in alt san Irish Times i mí na Samhna 2014, agus rinne Raidió na Life taifeadadh ann le déanaí. Uair sa mhí ceanglaíonn An Cumann Gaelach a gclub léitheoireachta leis An Chéadaoin @ an Bhutrach, agus tá rannpháirtíocht láidir ó mhuintir an phobail i gcoitinne sa club.

Bíonn Lón Gaelach na Foirne ar siúl gach Céadaoin chomh maith, ag 1pm i seomra foirne Scoil an Oideachais. Bíonn freastal sách bheag ach rialta ar an lón agus cabhraíonn sé le baill foirne a gcuid Gaeilge a

Fewer people registered for Irish classes this term than in the first term (423). There was a drop in the number who registered for the beginners' (A1) classes in particular. The possible reasons for this drop were discussed. The majority who register for A1 classes are international students. The Irish Language Officer spoke at the orientation sessions for international students in the first term only of 2014/15. It was suggested that fewer international students may come to the College in the second term as come in the first term. This is to be explored.

Irish Language Residency Scheme

The Residency Scheme projects of the first term 2014/15 went well. They included public events and videos. The events were widely publicised and they were well-attended as a result. Many of the projects involved co-operation with other groups, and some of them were based outside College buildings. The projects raised the profile of the Irish language within the College and outside it.

18 students have now been chosen for the 2015/16 Residency Scheme – 6 for the 2nd-year apartment in Trinity Hall, and 12 for campus accommodation. The Irish Language Officer is grateful to Cliona Ní Shuilleabháin, of the College Library, for sitting on the interview panel for two days of interviews.

Events

The conversation circle “An Chéadaoin @ an Bhutrach” (“Wednesday @ the Buttery”) runs every Wednesday from 10.30am, and is well-attended (normally around 15 people). An Chéadaoin @ an Bhutrach received favourable publicity in an Irish Times article in November 2014, and Raidió na Life recorded there recently. Once a month, An Cumann Gaelach link their reading club with An Chéadaoin @ an Bhutrach, and there is a high level of participation in the club by members of the general public.

An Irish Language Staff Lunch is also held every Wednesday, at 1pm in the School of Education staff room. Attendance at the lunch is relatively low but consistent, and it helps staff members to practice their

chleachtadh i suíomh neamhfhoirmeálta.

Bhí Éigse na Tríonóide, féile bliantúil na Gaeilge, ar siúl ar an 26-30 Eanáir 2015. D'eagraigh An Cumann Gaelach an chuid is mó de na himeachtaí, le tacaíocht ó Oifig na Gaeilge agus ó Aontas na Mac Léinn. Bhí gach imeacht saor in aisce agus oscailte do chách. Anuas ar leaganacha speisialta den Chéadaoin @ an Bhutrach agus de Lón Gaelach na Foirne, bhí baint mhór ag Oifig na Gaeilge leis na himeachtaí seo a leanas:

- Blaiseadh Breatnaise
- Blaiseadh Gaeilge do Thosaitheoirí
- Seirbhísí Eaglasta
- Tráth na gCeist (togra Scéime)
- Oíche Scéalaíochta

Cúpla buaicphointe ná gur fhreastal baill den phobal (a bhíonn ag freastal ar An Chéadaoin @ an Bhutrach) ar an turas ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath, agus gur fhreastal baill foirne nua ar Lón Gaelach na Foirne.

Ghabh Oifigeach na Gaeilge buíochas do Rúnaí an Choláiste as labhairt ag an Scaoileadh Balún ag tús na hÉigse, agus do Chaitlín Nic Íomhair, ainmní Aontas na nIarchéimithe as an Bhlaiseadh Gaeilge do Thosaitheoirí a thabhairt.

Gradaim na Gaeilge

Don chéad uair riamh i mbliana tá Coláiste na Tríonóide chun Gradaim na Gaeilge a thabhairt. Tá ballraíocht an fhochoiste roghnúcháin deimhnithe:

- Trish O'Beirne, Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn
- Fionn Ó Deá, Reachtair, An Cumann Gaelach
- John Coman, Rúnaí an Choláiste
- An Dr Pádraig de Paor, Léachtóir, Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha
- Aoife Crawford, Oifigeach na Gaeilge

Bhuail an fochoiste le cheile ar an 3 Feabhra 2015. Phléigh siad rialacha an chomórtais, an próiseas ainmniúcháin, poiblíocht agus an oíche bhronnta.

Irish in an informal setting.

Éigse na Tríonóide, Trinity College's annual Irish language festival, was held on 26-30 January 2015. An Cumann Gaelach organised the majority of events, with support from the Irish Language Office and the Students' Union. Every event was free of charge and open to all. As well as special versions of An Chéadaoin @ an Bhutrach and the Irish Language Staff Lunch, the Irish Language Office was heavily involved in the following events:

- Welsh Language Taster
- Irish Language Taster for Beginners
- Church Services
- Quiz (a Residency Scheme project)
- Storytelling Evening

Highlights included the attendance of members of the public (who attend An Chéadaoin @ an Bhutrach) on the tour of Dublin Castle, and the attendance of new staff members at the Irish Language Staff Lunch.

The Irish Language Officer thanked the Secretary to the College for speaking at the Balloon Launch at the beginning of the Éigse, and thanked Caitlín Nic Íomhair, the Graduate Students' Union nominee for giving the Irish Language Taster for Beginners.

Irish Language Awards

This year Trinity College is giving Irish Language Awards for the first time. The selection subcommittee has been confirmed:

- Trish O'Beirne, Irish Language Officer, Students' Union
- Fionn Ó Deá, Auditor, An Cumann Gaelach
- John Coman, Secretary to the College
- An Dr Pádraig de Paor, Lecturer, Department of Irish and Celtic Languages
- Aoife Crawford, Irish Language Officer

The subcommittee met on 3rd February 2015. They discussed the rules of the competition, the nomination process, publicity and the awards night.

An Cumann Gaelach

Thug an tOifigeach Gaeilge sonraí don Choiste maidir leis an urraíocht atá tugtha don Chumann Gaelach ó thús na bliana acadúla seo (€2,546) chun imeachtaí agus foilseacháin Ghaeilge a chur ar fáil.

Teangacha na Tríonóide

Tá Oifig na Gaeilge agus An Cumann Gaelach ag comhoibriú ar fhoilseachán ilteangach darbh ainm *Teangacha na Tríonóide*, mar thionscadal de chuid an Choiste Comhionannais. An príomhspríoc atá leis an fhoilseachán ná an éagsúlacht teangacha atá sa Choláiste a cheiliúradh. Cuireann an foilseachán seo an Ghaeilge chun cinn mar chuid lárnach den éagsúlacht sa Choláiste, agus cuireann sé le spriocanna an Choláiste i gcoitinne, mar shampla pobal mac léinn éagsúil, idirnáisiúnta a chothú. Seolfar *Teangacha na Tríonóide* i mí an Mhárta.

6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Labhair Reachtair an Chumainn Ghaelaigh faoi bhuaicphointí na bliana go dtí seo, agus faoi na pleananna atá ag an chumann don chuid eile den bhliain.

Chuaigh 80 ball den Chumann Gaelach go Cill Airne ar feadh deireadh seachtaine le haghaidh Oireachtas na Gaeilge 2014, féile bliantúil náisiúnta na Gaeilge. D'éagraigh an Cumann Gaelach teacht le chéile dóibh siúd a bhí ag an Oireachtas ina dhiaidh sin. Imeachtaí eile a chuir siad ar siúl sa chéad téarma 2014/15 ná turas mistéireach, cóisir na Nollag, buscáil ar Shráid Ghrafton, agus an Dúshlán Gaelach. Is é a bhí i gceist leis an Dúshlán ná liosta a chur ar fáil de sheirbhísí Gaeilge sa Choláiste a raibh ar dhaoine úsáid a bhaint astú in aon lá amháin. D'ardaigh an Dúshlán feasacht ar sheirbhísí Gaeilge an Choláiste i measc na mac léinn agus léirigh sé an tsuim atá ann sna seirbhísí.

Sa dara téarma, bhí neart comhoibrithe idir an Cumann Gaelach agus cumainn mac léinn eile. Mar shampla, bhí díospóireacht acu in éineacht leis an Phil (“Creideann an Teach Seo nach Fiú Teanga a bhfuil Cothú de Dhíth uirthi a Chothú”), bhí “Géilí” (céilí neamhthraidisiúnta) acu in éineacht le QSoc agus TradSoc, agus oíche chultúir na hÉireann in éineacht le DUISS (Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta). I rith

An Cumann Gaelach

The Irish Language Officer provided the Committee with details of the funding that has been given to An Cumann Gaelach since the beginning of this academic year (€2,546) for Irish language events and publications.

Trinity's Tongues

The Irish Language Office and An Cumann Gaelach are collaborating on a multilingual publication called *Trinity's Tongues*, as an Equality Fund project. The primary aim of the publication is to celebrate the linguistic diversity within the College. This publication promotes the Irish language as a central part of College diversity, and it furthers College's general goals, such as sustaining a diverse, international student community. *Trinity's Tongues* will be launched in March.

6. Report from An Cumann Gaelach

The Auditor of An Cumann Gaelach spoke about the highlights of the year so far, and about the plans that the society have for the rest of the year.

80 members of An Cumann Gaelach spent a weekend in Killarney attending Oireachtas na Gaeilge 2014, the national annual festival of the Irish language. An Cumann Gaelach arranged a reunion afterwards for those who had attended. Other events that they held in the first term of 2014/15 were a mystery tour, a Christmas party, busking on Grafton Street, and “an Dúshlán Gaelach” (“The Irish Challenge”). The Dúshlán was a challenge for students to use a list of Irish language services in the College within one day. The Dúshlán raised student awareness of Irish language services within the College and it showed how much interest there is in the services.

In the second term, An Cumann Gaelach collaborated extensively with other student societies. For example, they held a debate in conjunction with the Phil (“This House Believes that a Language that Needs Preserving Isn't Worth Preserving”), a “Géilí” (a non-traditional céilí) with QSoc and TradSoc, and a night of Irish culture with DUISS (the International Students' Society). During RAG week they hosted a breakfast

Seachtain RAG bhí bricfeasta acu le CancerSoc agus cóisir mhór amuigh i Halla na Tríonóide - an chéad uair a raibh imeacht de chuid an Chumainn Ghaelaigh ar siúl sa Halla.

I rith Éigse na Tríonóide, bhí idir 4 agus 7 imeacht ar siúl gach lá. Bhí bricfeasta laethúil i Seomra na Gaeilge. Sheol an t-aisteoir Clíona Ní Chasáin, a raibh an príomhról aici sa chlár fadbhuanaithe *Aifric* ar TG4, an Éigse. Seoladh *An Scríbhneoir Óg*, cnuasach de scríbhneoireacht cruthaitheach Gaeilge na mac léinn, mar chuid den Éigse i mblíana. Buaicphointí eile ná turas treoraithe ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath; caint ar an Ghaeilge sa Tuaisceart le Máirín Hurndall ó Raidió Fáilte; díospóireacht i dTeach na dTiarnaí leis an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh mar aoichainteoir; agus Club na hÉigse le Trinity ENTS.

I measc na mbealaí eile a chuir an Cumann Gaelach an Ghaeilge chun cinn sa Choláiste in 2014/15 go dtí seo bhí dhá eagrán de *Tuathal* (irisleabhar an Chumainn Ghaelaigh), cainteanna ar dhéileáil leis an fhríth-Ghaelachas agus ar pháistí a thógáil le Gaeilge, tráth na gceist le cumainn Ghaelacha sna hollscoileanna eile i mBaile Átha Cliath, agus agallamh na bhfáinní.

Eagróidh siad turas go Béal Feirste agus comórtas úrnua díospóireachta, Craobh Uí Chadhain, go luath.

Bhuaigh Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide gradam Ghlór na nGael don chumann tríú leibhéal is fearr sa tír 3 bliana i ndiaidh a chéile go dtí 2013/14, agus bhuaigh siad an gradam don Chumann is Fearr ag gradaim Lárchoiste na gCumann anseo i gColáiste na Tríonóide in 2013/14 chomh maith. Tá córas nua marcála ag Glór na nGael anois don chomórtas áirithe seo, ina dtugtar 40% de na marcanna ar dhul chun cinn. Mhínigh an Reachtaire go mbeadh sé deacair don Chumann Gaelach dul chun cinn ollmhór a dhéanamh ar cé chomh rathúil is a bhí siad ar an bhliain seo caite ach go bhfuil siad ag déanamh a ndíochill ar aon nós.

Thréaslaigh an Coiste iomlán leis an Chumann Gaelach as an sáróbair atá déanta acu in 2014/15, Éigse na Tríonóide ach go háirithe.

along with CancerSoc, and a large party in Trinity Hall – the first time such an event has been held in Hall by An Cumann Gaelach.

During Éigse na Tríonóide, between 4 and 7 events were held every day. There was a daily breakfast in Seomra na Gaeilge. The actor Clíona Ní Chasáin, who played the lead role in the long-running TG4 programme *Aifric*, launched the Éigse. *An Scríbhneoir Óg*, a collection of students' creative writing in the Irish language, was launched during the Éigse this year. Other highlights included a tour of Dublin Castle; a talk on the Irish Language in the North by Máirín Hurndall from Raidió Fáilte; a debate in the House of Lords with guest speaker Senator Trevor Ó Clochartaigh; and Club na hÉigse (“the Éigse Club Night”) with Trinity ENTS.

Amongst the other initiatives taken by An Cumann Gaelach in 2014/15 were two editions of *Tuathal* (An Cumann Gaelach's magazine), talks on dealing with anti-Irish language feeling and on raising children with Irish, a quiz with Irish language societies from the other universities in Dublin, and interviews for “fáinní” (a fáinne is a badge that shows competence in Irish).

They will soon organise a trip to Belfast and a brand new debating competition, Craobh Uí Chadhain.

Trinity College's Cumann Gaelach won the Glór na nGael award for best third level society in the country 3 years in a row until 2013/14, and they won the award for Best Society at the Central Societies' Committee awards here in Trinity in 2013/14 as well. Glór na nGael have introduced a new marking system for this particular competition, in which 40% of marks are given for progress / improvement. The Auditor explained that it would be difficult for An Cumann Gaelach to greatly improve on their success last year, but that they are doing their very best nonetheless.

The Committee congratulated An Cumann Gaelach for the excellent work they have done in 2014/15, and for the success of the Éigse na Tríonóide festival in particular.

7. Polasaí Gaeilge

Chuir Oifigeach na Gaeilge dréacht nua de Pholasaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide os comhair an Choiste roimh an chruinniú, agus pléadh tuairimí na mball ar an dréacht-pholasaí ag an chruinniú. Dréacht é seo ina bhfuil na moltaí a tugadh i rith an phróisis chomhairliúcháin curtha i bhfeidhm. Cuireadh an polasaí faoi bhráid Rúnaí an Choláiste, Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, an Chumann Ghaelaigh agus Aontas na Mac Léinn.

I rith an chruinnithe, mhol ainmní Aontas na Mac Léinn larchéime gur chóir spriocanna áirithe a thabhairt sa Pholasaí Gaeilge mar a dhéantar i Straitéis Fiche Bliain an rialtais don Ghaeilge – mar shampla, sprioc faoin uimhir cainteoirí Gaeilge laethúla ar mhaith leis an Choláiste a bheith ann i measc na mac léinn agus na mball foirne i gceann 5 bliain. Dúirt Rúnaí an Choláiste go mbeadh sé deacair teacht ar fhianaise réalaíoch chun an bunlíne cainteoirí Gaeilge sa Choláiste a fháil amach. Luaigh ainmní an Limistéir Riaracháin agus Tacaíochta nach pobal socair atá sa Choláiste, go háirithe ar thaobh mac léinn de. Bhí Oifigeach na Gaeilge den tuairim nár ghá spriocanna le figiúir a bheith sa pholasaí, toisc gurb é an sprioc i gcónaí na méid na gcainteoirí Gaeilge laethúla i bpobal an Choláiste a mhéadú. D’aontaigh an Coiste nach gcuirfí spriocanna áirithe den chineál sin isteach sa Pholasaí Gaeilge.

D’fhaomh an Coiste an dréacht seo den Pholasaí Gaeilge, atá réidh le dul faoi bhráid an Choiste Fheidhmiúcháin.

8. Aon Ghnó Eile

Chuir Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn torthaí an tsuirbhé a ndearna an tAontas le déanaí ar thuairimí mac léinn i leith cúrsaí Gaeilge sa Choláiste os comhair an Choiste. Bhí torthaí an tsuirbhé an-dearfach. Mar shampla aontaíonn 70% de na freagraithe go mbíonn Coláiste na Tríonóide ag freastal ar riachtanais Ghaeilgeoirí an Choláiste go héifeachtach; tuigean 82% acu go bhfuil sé de cheart acu freagra a fháil i nGaeilge ar aon chomhfhreagras scríofa a dhéanann siad leis an Choláiste i nGaeilge; agus tá a fhios ag 78% cén áit ina bhfuil Seomra na Gaeilge suite.

7. Irish Language Policy

The Irish Language Officer provided the Committee with a new draft of the Trinity College Irish Language Policy before the meeting, and the members’ views on the draft policy were discussed at the meeting. This draft reflects the changes that have been recommended during the consultation process. The Secretary to the College, the Department of Irish and Celtic Languages, An Cumann Gaelach agus the Students’ Union were consulted.

During the meeting, the Graduate Students’ Union nominee recommended that specific goals should be given in the Irish Language Policy, as is done in the government’s Twenty-year Strategy for the Irish Language – for example, a target for the number of daily Irish speakers that the College would like to have amongst its staff and students in 5 years’ time. The Secretary to the College stated that it would be difficult to obtain realistic evidence of the baseline of Irish speakers within the College. The nominee from the Administrative and Support Area noted that the College community is not settled, especially in terms of students. The Irish Language Officer was of the opinion that there is no need for precise numeric goals in the policy, as the goal is always to increase the number of daily Irish language speakers in the College community. The Committee agreed that specific goals of that nature would not be included in the Irish Language Policy.

The Committee approved this draft of the Irish Language Policy as ready for consideration by the Executive Committee.

8. Any Other Business

The Irish Language Officer of the Students’ Union presented the Committee with the results of a survey that the Union has recently completed, on students’ opinions of Irish language matters in College. The results of the survey were very positive. For example, 70% of respondents agree that Trinity College effectively provides for the needs of Irish language speakers in College; 82% of them understand that they have the right to a response in Irish to any written correspondence they make with College in Irish; and 78% of them know where Seomra na Gaeilge is.

Chuir Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn an Coiste ar an eolas freisin go bhfuil Polasaí Gaeilge anois ag Aontas na Mac Léinn don chéad uair riamh. Thréaslaigh an Coiste le hOifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn agus leis an Aontas i gcoitinne as an aitheantas tábhachtach seo a thabhairt don Ghaeilge in Aontas na Mac Léinn.

Beidh Oifigeach Gaeilge nua in Aontas na Mac Léinn agus Reachtair nua ar an Chumann Gaelach faoin chéad chruinniú eile de chuid Choiste na Gaeilge. Ghabh Oifigeach na Gaeilge buíochas le Trish O'Beirne agus Fionn Ó Deá thar ceann an Choiste as an obair iontach atá déanta acu ar son na Gaeilge i rith 2014/15.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Choiste na Gaeilge i mí Bealtaine 2015.

The Irish Language Officer of the Students' Union also informed the Committee that the Students' Union now has an Irish Language Policy for the first time ever. The Committee congratulated the Students' Union Irish Language Officer and the Union in general on giving this important recognition to the Irish language in the Students' Union.

Before the next meeting of the Irish Language Committee, there will be a new Irish Language Officer in the Students' Union and a new Auditor of An Cumann Gaelach. The Irish Language Officer thanked Trish O'Beirne and Fionn Ó Deá on behalf of the Committee for their great work for the Irish language during 2014/15.

The next meeting of the Irish Language Committee will be held in May 2015.